Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11229 — MFE-MEDIAFOREUROPE / PROSIEBENSAT1)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 307/07)

1. An 24 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MFE-MEDIAFOREUROPE N.V. ('MFE', an Ísiltír), atá faoi rialú ag Fininvest S.p.A. (an Iodáil),

— ProSiebenSat.1 Media SE ('P7S1', an Ghearmáin).

Gheobhaidh MFE rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar P7S1 ina iomláine.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa meán ilnáisiúnta é MFE a fheidhmíonn cainéil saor-theilifíse, stáisiúin raidió, ábhair ar theilifís táille in Iodáilis agus i Spáinnis agus a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an earnáil closamhairc, lena n-áirítear díolachán fógraíochta ar ardáin dáileacháin éagsúla.

— Is cuideachta mórmheáin digiteach a fheidhmíonn codanna siamsaíochta, dáta, físeáin agus codanna tráchtála agus fiontair atá dírithe ar thíortha ina labhraítear Gearmáinis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11229 — MFE-MEDIAFOREUROPE / PROSIEBENSAT1

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.